AN COIMISIÚN EORPACH

An Bhruiséil 1.12.2011
SEC(2011) 1456 leagan deireanach

**DOICIMÉAD INMHEÁNACH OIBRE DE CHUID AN CHOIMISIÚIN**

**Achoimre ar an MEASÚNÚ TIONCHAIR**

***a ghabhann leis an doiciméad***

**Togra le haghaidh Rialacháin maidir le rialacha agus nósanna imeachta a bhunú i ndáil le srianta oibriúcháin atá bainteach le torann a thabhairt isteach ag aerfoirt Chomhphobail**
**lena n-aisghairtear Treoir 2002/30/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Márta 2002**
**Achoimre ar an MEASÚNÚ TIONCHAIR**

{COIM(2011) 828 leagan deireanach}
{SEC(2011) 1455 leagan deireanach}

**DOICIMÉAD INMHEÁNACH OIBRE DE CHUID AN CHOIMISIÚIN**

**Achoimre ar an MEASÚNÚ TIONCHAIR**

***a ghabhann leis an doiciméad***

**Togra le haghaidh Rialacháin maidir le rialacha agus nósanna imeachta a bhunú i ndáil le srianta oibriúcháin atá bainteach le torann a thabhairt isteach ag aerfoirt Chomhphobail**
**lena n-aisghairtear Treoir 2002/30/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Márta 2002**
**Achoimre ar an MEASÚNÚ TIONCHAIR**

## 1. AN FHADHB A SHAINIÚ

1. Faoin gcomhthéacs rialála a cruthaíodh le hoibleagáidí ICAO[1] agus le prionsabal na coimhdeachta agus prionsabal na comhréireachta atá leagtha amach in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach, tá Treoir 2002/30/CE[2] ('an Treoir' anseo feasta), faoi chuimsiú na Treorach um Thorann Timpeallachta[3], ina cuid den ‘chur chuige cothrom’ maidir le bainistiú torainn in aerfoirt an AE.

2. Is é is aidhm leis an Treoir éascú a dhéanamh ar thabhairt isteach srianta oibríochta ar shlí chomhsheasmhach ar leibhéal an aerfoirt le go laghdófar líon na ndaoine a ndéanann éifeachtaí díobhálacha an torainn difear suntasach dóibh.

3. Chuige sin, leagtar síos leis an Treoir creat coiteann rialacha agus nósanna imeachta maidir le srianta oibríochta a thabhairt isteach ag aerfoirt an AE, lena gcosnófaí cosaint an chomhshaoil mórthimpeall aerfort ar shlí atá comhoiriúnach do cheanglais an mhargaidh inmheánaigh trí shrianta oibríochta dá samhail a mheas ag aerfoirt ina bhfuil fadhbanna torainn atá inchomparáide go ginearálta.

4. Áirítear sa chreat coiteann:

- *rialacha maidir leis an bpróiseas measúnaithe torainn a chur i gcrích go ginearálta*, agus ar gá iad a chur san áireamh sula dtabharfar srianta oibríochta atá bainteach le torann isteach. Is é an sainmhíniú a thugtar ar shrianta oibríochta ná gníomhaíochtaí atá bainteach

[1] In 2001, d’fhormhuinigh Tionól na hEagraíochta Eitlíochta Sibhialta Idirnáisiúnta (an ‘ICAO’ anseo feasta) an coincheap ‘Cur Chuige Cothrom’ maidir le bainistiú torainn aerárthaí. Soláthraíonn Cur Chuige Cothrom an ICAO creat beartais chun torann a laghdú ag aerfoirt ar shlí chost-éifeachtúil agus gan srianta ar oibríochtaí a úsáid mar chéadrogha, ach amháin tar éis na bearta eile a d’fhéadfaí a dhéanamh a mheas, eadhon laghdú ag an bhfoinse, pleanáil agus bainistíocht na talamhúsáide, nósanna imeachta oibríochta agus srianta oibríochta laghdaithe torainn.

[2] Treoir 2002/30/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Márta 2002 maidir le rialacha agus nósanna imeachta a bhunú i ndáil le srianta oibríochta atá bainteach le torann a thabhairt isteach ag aerfoirt Chomhphobail (Téacs atá ábhartha maidir leis an LEE). IO L 85, 28.3.2002, lch. 40.

[3] Treoir 2002/49/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Meitheamh 2002 maidir le torann timpeallachta a mheasúnú agus a bhainistiú – Ráiteas ón gCoimisiún sa Choiste Idir-réitigh ar an Treoir maidir le torann timpeallachta a mheasúnú agus a bhainistiú.

le torann agus a dhéanann an rochtain a fhaigheann scairdeitleáin fhoshonacha shibhialta ar an aerfort a theorannú nó a laghdú.

- *rialacha sonracha a bhaineann le srianta oibríochta a thabhairt isteach atá dírithe ar aerárthaí lag-chomhlíontach* ('MCA' anseo feasta) a tharraingt siar, mar gurb iad na haerárthaí is mó torainn sa loingeas aerárthaí iad. Is é an sainmhíniú a dhéantar orthu sa Treoir ná eitleáin a bhfuil lamháil charnach nach mó ná 5 dheicibeil acu maidir le teorainneacha deimhnniúcháin torainn Chaibidil 3.

- *nós imeachta*[4] a bheidh le leanúint ag na húdaráis ábhartha maidir le haon srianta oibríochta nua a thabhairt isteach.

5. I bhfianaise na dtorthaí ó na comhairliúcháin le páirtithe leasmhara, agus na srianta bunúsacha ar ghníomhaíocht AE mar atá leagtha amach thuas, measann an Coimisiún nach ndéantar na rialacha agus na nósanna imeachta atá leagtha síos sa Treoir maidir leis an tslí a dtugann aerfoirt an AE srianta oibríochta isteach faoi láthair a chur i bhfeidhm ar shlí chomhsheasmhach agus go bhfuil teorainn lena dtionchair. Tugtar an méid sin faoi deara go háirithe ar dhá leibhéal:

- Ar an gcéad leibhéal, níl aon éifeacht a thuilleadh leis na rialacha sonracha a bhaineann le srianta oibríochta a thabhairt isteach atá dírithe ar aerárthaí lag-chomhlíontach a tharraingt siar. Go deimhin, tá líon na n-aerárthaí lag-chomhlíontach éirithe an-bheag de réir a chéile, ós rud é go gcuirtear aerárthaí eile ina n-ionad go nádúrtha trí fhorbairt teicneolaíochta. Tá an sainmhíniú ar aerárthach lag-chomhlíontach imithe as feidhm agus níl an tréimhse ghaolmhar dá dtarraingt siar iomchuí a thuilleadh.

- Ar an dara leibhéal, tá sé tuairiscithe ag páirtithe leasmhara go ndéantar na srianta oibríochta, faoin gcreat dlíthiúil reatha, a thuiscint ar bhealaí éagsúla in aerfoirt a bhfuil fadhbanna torainn atá inchomparáide go ginearálta acu, rud a d'fhéadfadh saobhadh iomaíochta a chruthú. Tá an cás sin amhlaidh óir níl na rialacha reatha maidir leis an tslí ar cheart an próiseas measúnaithe torainn a chur i gcrích i gcoitinne soiléir go leor ná beacht go leor. Meastar freisin go bhfuil an nós imeachta reatha chun srianta oibríochta a thabhairt isteach rólag.

## 2. ANAILÍS AR CHOIMHDEACHT

6. Rannchuidíonn an Treoir le dea-fheidhmiú an chórais aeriompair san Eoraip. Freagraíonn sí do chuspóirí Airteagal 90 agus Airteagal 91 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE).

7. De réir Airteagal 4 CFAE, ní mór údar cuí a bheith le gníomhaíocht AE, mar chuid den chomhbheartas aeriompair, i dtaobh srianta oibríochta atá bainteach le torann. Sa chás atá á phlé sa doiciméad seo, dá bhrí sin, ní mór prionsabal na coimhdeachta atá leagtha amach in Airteagal 5(3) den Chonradh ar an Aontas Eorpach a urramú. Is gá dhá ghné a mheasúnú ina leith sin.

[4] Cuimseoidh an nós imeachta sin réimsí amhail comhairliúchán le páirtithe leasmhara, réamhfhógra don Choimisiún agus do Bhallstáit eile agus ceart achomhairc.

8. Ar an gcéad dul síos, féachaint nach bhféadfadh na Ballstáit na cuspóirí leis an ngníomhaíocht atá beartaithe a ghnóthú go leormhaith faoi chuimsiú a gcórais náisiúnta bhunreachtúil, dá ngairtear 'tástáil riachtanais'. Sa chás atá á phlé sa doiciméad seo, tá an t-údar leis an ngníomhaíocht dírithe ar an ngá a áirithiú go ndéanfaidh na Ballstáit rialacha agus nósanna imeachta idirnáisiúnta a chur chun feidhme go haonfhoirmeach agus go héifeachtach d'fhonn cothrom iomaíochta a áirithiú d'oibreoirí AE agus d'oibreoirí neamh-AE araon.

9. Ar an dara dul síos, féachaint an bhféadfaí na cuspóirí a ghnóthú níos fearr trí ghníomhaíocht AE agus an tslí a ndéanfaí sin a mheas, dá ngairtear 'tástáil ar bhreisluach Eorpach'. Maidir le breisluach Eorpach a bhaineann leis an tionscnamh seo, is bearta cur chun feidhme ba cheart a bheith ann ina gcuirtear san áireamh na dálaí in aerfoirt dhifriúla, agus, á dhéanamh sin, a áirithiú go gcuirfear srianta oibríochta atá bainteach le torann chun feidhme ar shlí chost-éifeachtúil in ionaid inar údar maith iad na dálaí torainn le gníomhaíocht a dhéanamh, agus aimseofar an chothromaíocht iomchuí shaincheaptha idir na cuspóirí éagsúla beartais iompair agus comhshaoil. D'fhéadfadh aon ghníomhaíocht aonair ar leibhéal na mBallstát dochar a dhéanamh d'fheidhmiú an mhargaidh inmheánaigh.

## 3. CUSPÓIRÍ AN TIONSCNAIMH ÓN AE

10. Sa chreat rialúcháin sonrach atá leagtha amach thuas, is é is *cuspóir ginearálta beartais* don tionscnamh seo na rialacha agus na nósanna imeachta coiteanna a bhaineann le srianta oibríochta atá bainteach le torann a thabhairt isteach ag aerfoirt AE a chomhchuibhiú agus a neartú tuilleadh mar chuid den phróiseas bainistíochta torainn.

11. Dá leasófaí é ar an gcaoi sin, chuirfí chun cinn leis an gcreat coiteann na réitigh is cost-éifeachtúla atá bainteach le torann a ceapadh chun na cuspóirí cáilíochta torainn a leagadh síos le rialacha AE, náisiúnta nó áitiúla a ghnóthú. Ba cheart go gcuideodh sé freisin leis an gcuspóir uileghabhálach beartais torainn a ghnóthú, is é sin na héifeachtaí díobhálacha, lena n-áirítear núiseanna, de bharr neamhchosanta ar thorann timpeallachta, a sheachaint, a chosc nó a laghdú ar bhonn tosaíochta[5].

12. I bhfianaise na bpríomhchúiseanna leis na fadhbanna a aithníodh, is féidir cuspóir ginearálta an tionscnaimh atá beartaithe a iompú ina *spriocanna sonracha*:

    (1) Na rialacha maidir le haerárthaí lag-chomhlíontach a chur i bhfeidhm tríd an sainmhíniú ar aerárthach lag-chomhlíontach agus an fhoráil ghaolmhar maidir lena dtarraingt siar a leasú[6];

    (2) A áirithiú go ndéanfar na srianta oibríochta a mheas ar shlí chomhsheasmhach, mar seo a leanas, sna haerfoirt sin a bhfuil fadhbanna torainn atá inchomparáide go ginearálta acu:

    - an tslí a gcuirtear an próiseas measúnaithe torainn i gcrích a shoiléiriú;

---

5 Féach Airteagal 1 den Treoir um Thorann Timpeallachta (2002/49/CE).

6 Bheadh leasú Airteagal 2(d) agus Airteagal 6 maidir le '*rialacha a bhaineann le srianta oibríochta a thabhairt isteach atá dírithe ar aerárthaí lag-chomhlíontach* a tharraingt siar' i gceist leis seo.

- an creat nós imeachta trína dtugtar srianta oibríochta isteach a neartú.

13. D'fhonn meastóireacht a dhéanamh ar an dul chun cinn atá déanta maidir leis na cuspóirí beartais ginearálta agus sonracha a ghnóthú, moltar na *cuspóirí beartais oibríochta* seo a leanas a úsáid:

  - Ba cheart an cóimheas idir cuirfiúnna nua agus iomlán na srianta oibríochta a chur ar leibhéal atá inchomparáide leis an leibhéal a bheidh sroichte ag na príomhchumhachtaí eacnmaíocha eile faoi 2020 agus na leibhéil ag a bhfuil na saoránaigh neamhchosanta ar thorann a laghdú, nó a chuimsiú ar a laghad;

- Ba cheart go n-áireofaí sna srianta oibríochta nua uile bearta a dhíríonn ar aerárthaí lag-chomhlíontach d'fhonn an laghdú torainn a uasmhéadú.

## 4. ROGHANNA BEARTAIS

14. Léiríonn an loighic atá taobh thiar de na Roghanna Beartais an t-idirnasc idir dhá fhadhb. Tá dhá phríomhghné i ngach Rogha Beartais agus tugann gach gné aghaidh ar cheann de na fadhbanna. Thairis sin, tá gach Rogha Beartais ceaptha sa chaoi is go gcoimeádfaí ar a laghad na dálaí timpeallachta torainn céanna is a bheadh ann dá bhfágfaí an scéal mar atá (Rogha Beartais 1). Is é an rud a idirdhealaíonn na Roghanna Beartais óna chéile ná déine na hidirghabhála agus, ag brath ar an rogha beartais atá ann, beidh an déine sin níos airde i gcás na chéad fhaidhbe agus níos ísle i gcás an dara fadhb. Má thugtar aghaidh ar na saincheisteanna a bhaineann le haerárthaí lag-chomhlíontach (Fadhb 1) beidh níos lú srianta oibríochta agus/nó srianta oibríochta níos spriocdhírithe ann a dhéanfaidh difear d'aerárthaí nach aerárthaí lag-chomhlíontach iad (níos lú torainn). Dá bhrí sin, laghdaíonn an tábhacht maidir leis na saincheisteanna a bhaineann leis an gCur Chuige Cothrom a chur chun feidhme go ceart (Fadhb 2) i gcás na n-aerárthaí sin.

**Tábla 1: Cur síos ar an bhfadhb, ar fhachtóirí agus ar chuspóirí**

| *Cuspóirí Sonracha* | *Roghanna beartais* | | |
|---|---|---|---|
| | **PO2** | **PO3** | **PO4** |
| Na rialacha sonracha maidir le haerárthaí lag-chomhlíontach a chur i bhfeidhm faoin: | | | |
| an sainmhíniú as feidhm ar aerárthach lag-chomhlíontach a leasú | An sainmhíniú ar aerárthach lag-chomhlíontach a athrú le go gcuimseofar aerárthaí atá faoi chaighdeán 12 EPNdB de Chabidil 3 | An sainmhíniú ar aerárthach lag-chomhlíontach a athrú le go gcuimseofar aerárthaí atá faoi chaighdeán 10 EPNdB de Chabidil 3 | An sainmhíniú ar aerárthach lag-chomhlíontach a athrú le go gcuimseofar aerárthaí atá faoi chaighdeán 8 EPNdB de Chabidil 3 |
| tréimhse oiriúnach don tarraingt siar a roghnú | Tarraingt siar iomlán ceadaithe faoi cheann 4 bliana | Tarraingt siar iomlán ceadaithe faoi cheann 2 bhliain | Tarraingt siar iomlán ceadaithe faoi cheann 2 bhliain |

| | | | |
|---|---|---|---|
| *A áirithiú go ndéanfar srianta oibríochta dá samhail a mheas ar shlí chomhsheasmhach, mar seo a leanas, sna haerfoirt sin a bhfuil fadhbanna torainn atá inchomparáide go ginearálta acu:* | | | |
| an creat nós imeachta trína dtugtar srianta oibríochta isteach a neartú | Ionad tacaíochta ar leibhéal an AE a bhunú chun an cur chuige cothrom a chur chun feidhme | Ionad tacaíochta ar leibhéal an AE a bhunú chun an cur chuige cothrom a chur chun feidhme | Ionad tacaíochta ar leibhéal an AE a bhunú chun an cur chuige cothrom a chur chun feidhme |
| an tslí a gcuirtear an próiseas measúnaithe torainn i gcrích a shoiléiriú agus a shonrú | Rialacha breise maidir le raon feidhme an chomhairliúcháin le páirtithe leasmhara | Rialacha breise maidir le raon feidhme an chomhairliúcháin le páirtithe leasmhara | Rialacha breise maidir le raon feidhme an chomhairliúcháin le páirtithe leasmhara |
| | Cinnteacht dhlíthiúil níos airde do nósanna imeachta sáraithe | Ceart grinnscrúdaithe COIM le deis fionraí go dtí go measfar gur leor é an measúnú leasaithe | Grinnscrúdú éigeantach COIM agus réamhúdarú |

15. Is i bhfoirm Treorach atá an reachtaíocht Eorpach atá ann faoi láthair a bhaineann le torann ag aerfoirt. Is i ngeall ar an gcineál sin ionstraime dlí, go páirteach, atá an éagsúlacht mhór ann sa tslí a dtugtar srianta oibríochta isteach san Eoraip.

16. D’fhonn aghaidh a thabhairt ar na fadhbanna a aithníodh thuas, moltar le Roghanna Beartais 3 agus 4 ceart grinnscrúdaithe a thabhairt don Choimisiún. Cosnaítear an moladh sin ar an ábhar go mbeadh ar an gCoimisiún a áirithiú go bhféadfaí beart den sórt sin a fhionraí go dtí go mbeadh an próiseas measúnaithe déanta go ceart dá mba rud é nár léiríodh cost-éifeachtúlacht sriain oibríochta, ag cur ionstraimí eile bainistíochta torainn san áireamh freisin. Bheadh gá critéir thrédhearcacha agus léirmhínithe, a bheadh infheidhme ar bhonn uile-AE, a leagan síos maidir leis an deis srian oibríochta a fhionraí.

17. Áirítear freisin sna Roghanna Beartais go dtabharfaí an sainmhíniú ar aerárthach lag-chomhlíontach cothrom le dáta. Níor mhór don sainmhíniú sin a bheith infheidhme go cothrom sna Ballstáit uile, óir is caighdeán teicniúil atá ann a chomhaontaíonn na Ballstáit chéanna san ICAO. Mar léiriú ar an ngá a d’fhéadfadh a bheith ann amach anseo an sainmhíniú sin a leasú d’fhonn bheith ag teacht leis an dul chun cinn eolaíochta agus le hathnuachan nádúrtha an loingis aerárthaí, tá foráil i ngach Rogha Beartais maidir leis an deis an sainmhíniú ar aerárthach lag-chomhlíontach a thabhairt cothrom le dáta trí ghníomh tarmligthe tríd an gcoiste iomchuí.

18. Ar bhonn na hargóna thuas, is dócha go mbeadh Rialachán ar an uirlis iomchuí chun na hathruithe beartais a iompú ina reachtaíocht.

## 5. MEASÚNÚ TIONCHAIR

19. Léiríonn an measúnú tionchair go bhfuil tionchar soiléir eacnamaíoch, sóisialta agus comhshaoil ag na trí Rogha Beartais.

– Ón dearcadh eacnamaíoch, is léir gurb í Rogha Beartais 2 rogha na tosaíochta óir is í an rogha leis an méadú is ísle ar chostais riaracháin í. Mar sin féin, d'fhéadfadh an Rogha Beartais sin a bheith dúshlánach i dtéarmaí caidrimh idirnáisiúnta. Trí Rogha Beartais 3, sheachnófaí an tionchar diúltach sin ar chaidreamh seachtrach, ach chuirfí brú breise ar bhuiséad an AE. Ní bheadh mórán difríochta ar an ualach riaracháin idir an Rogha seo agus Rogha Beartais 1.

– Ón dearcadh sóisialta, níl mórán difríochta idir an tionchar a bheadh ag Roghanna Beartais 2, 3 ná 4. Is é an t-aon mhórdhifríocht amháin ó thaobh éifeachta de ná an méid grinnscrúdaithe a dhéanfaí ar na bearta oibríochta a imríonn tionchar ar shábháilteacht an aerárthaigh. Is féidir a mheas go bhfuil Roghanna Beartais 2 agus 3 an-chosúil ina leith sin.

– Ón dearcadh comhshaoil, is léir go seasann Rogha Beartais 4 amach ós rud é go bhfuil baol ard go leor ann go mbeadh tionchar diúltach aici a bhaineann leis an gcomhbhabhtáil idir na bearta oibríochta a thugann aghaidh ar thorann agus na bearta oibríochta a thugann aghaidh ar athrú aeráide. Arís eile, is féidir a mheas go bhfuil Roghanna Beartais 2 agus 3 inchomparáide, den chuid is mó, maidir leis an tionchar ar an gcomhshaol.

**Tábla 2: Achoimre ar an tionchar i gcomparáid le Rogha Beartais 1**

| | *Rogha Beartais 2* | *Rogha Beartais 3* | *Rogha Beartais 4* |
|---|---|---|---|
| ***Tionchar ar chur chun feidhme an Chur Chuige Chothroim*** | Measartha | Measartha | Ard |
| ***Tionchar eacnamaíoch*** | | | |
| *Tionchar ar:* | | | |
| Feidhmiú éifeachtach líonra eitlíochta na hEorpa | Íseal | Íseal | Íseal |
| Aerfoirt | Measartha | Measartha | Íseal |
| Oibreoirí aerárthaí | Íseal | Íseal | Measartha |
| Monaróirí aerfhrámaí agus inneall aerárthaí | Meánach | Meánach | Neodrach |
| Costais riaracháin | ***Go dtí €1 800 000/bliain*** | ***Go dtí €3 000 000/bliain*** | ***Up to €4 200 000/bliain*** |
| Buiséad an AE | ***Íseal*** | ***Measartha*** | ***Ard*** |
| Caidreamh idirnáisiúnta | ***Ard*** | Íseal | Measartha |
| ***Tionchar sóisialta*** | | | |
| Tionchar ar rialachas agus ar rannpháirteachas | Ard | Ard | Ard |
| Tionchar ar leibhéil agus ar chionníollacha fostaíochta | Íseal | Íseal | Íseal |
| Tionchar ar shábháilteacht | Íseal | Measartha | Measartha |
| ***Tionchar ar an gcomhshaol*** | | | |
| Tionchar ar thorann | Neodrach | Neodrach | Neodrach |

| | | | |
|---|---|---|---|
| Tionchar ar athrú aeráide | Measartha | Measartha | Neodrach |

Eochair:
Léirítear an tionchar diúltach le dath oráiste dhorcha i gcló iodálach trom.
'ARD': tá dóchúlacht ard ann go mbeidh tionchar suntasach ag an Rogha Beartais. 'MEASARTHA' agus 'ÍSEAL': dóchúlachtaí níos ísle go mbeidh tionchar suntasach ag an Rogha Beartais. Braithfidh méid an tionchair i ngach uile chás ar na bearta a roghnófar trí lánrogha údarás áitiúil agus náisiúnta agus oibreoirí aerárthaí.

## 6. COMPARÁID IDIR NA ROGHANNA

### *6.1. Comhleanúnachas*

20. Mar a léirítear thuas, is í Rogha Beartais 3 an rogha is mó comhchuibhiú, ina ndéantar an ghníomhaíocht a chothromú go cúramach chun cuspóirí beartais sonracha a ghnóthú. Níl aon tionchar diúltach suntasach tuartha faoin Rogha Beartais seo, a léiríonn an chomhbhabhtáil is ísle sna réimsí eacnamaíocha, sóisialta agus comhshaoil.

### **6.2.** *Éifeachtacht*

21. Tugtar achoimre ghairid i dTábla 3 ar éifeachtacht na roghanna beartais maidir leis na cuspóirí beartais sonracha a shainítear i Roinn 3. Léiríonn an tábla sin nach bhfuil aon tosaíocht shoiléir ann i dtéarmaí éifeachtachta. Mar sin féin, is léir gurb í Rogha Beartais 3 an rogha is cothroime mar go dtugann sí an rogha is oiriúnaí gníomhaíochtaí chun na cuspóirí sainithe a ghnóthú.

22. Maidir leis an gcuspóir a bhaineann leis na rialacha maidir le haerárthaí lag-chomhlíontach, braitheann éifeachtacht na Roghanna Beartais atá beartaithe ar an leibhéal uaillmhéine maidir le feidhmíocht torainn aerárthaí. I ndáil leis sin, tá súil go mbeidh an toradh is fearr ar Rogha Beartais 2 mar gurb í an rogha is déine í maidir leis an leasú ar an sainmhíniú ar aerárthach lag-chomhlíontach, óir cuimseofar aerárthaí a bhfuil a bhfeidhmíocht torainn faoi bhun chaighdeán 12 EPNdB de Chaibidil 3 agus gar d'aerárthaí Chaibidil 4 dá bhrí sin. Dá réir sin, tugann Rogha Beartais 4 an leibhéal éifeachtachta is ísle, óir is í an rogha is lú uaillmhian í maidir le feidhmíocht torainn aerárthaí, agus tá toradh níos fearr ar Rogha Beartas 2 ná mar atá ar Rogha Beartais 3.

23. Maidir leis an gcuspóir a bhaineann leis na srianta oibríochta a thabhairt isteach go comhleanúnach in aerfoirt an AE, braitheann leibhéal éifeachtachta na Roghanna Beartais ar leibhéal an rialaithe cáilíochta a dhéanfar. Tugann Rogha Beartais 4 na deiseanna is fearr ina leith sin. Baineann an rogha sin leas as an bhfócas níos láidre ar an gcreat nós imeachta, go háirithe an príomhról atá ag an gCoimisiún maidir le cáilíocht an phróisis measúnaithe a rialú. Beidh an Coimisiún freagrach as grinnscrúdú éigeantach agus réamhúdarú ar aon srianta oibríochta a bheidh beartaithe in aerfoirt an AE. I gcomparáid le Rogha Beartais 4, ní bheadh an éifeacht chéanna le Rogha Beartais 3 ós rud é nach mbeadh an rialú cáilíochta á dhéanamh go córasach. Mar sin féin, chuirfeadh an rogha sin ar chumas an Choimisiúin díriú ar rialú cáilíochta ar na srianta oibríochta sin a bhfuil an fhadhb is mó ag baint leo. Tá súil go

mbeidh an éifeacht is lú le Rogha Beartais 2 ós rud é gur ar leibhéal ex post, trí imeachtaí sáraithe, a dhéanfaí grinnscrúdú ar cháilíocht an phróisis measúnaithe.

**Tábla 3: Éifeachtacht na Roghanna Beartais éagsúla i bhfianaise cuspóirí beartais sonracha**

| *Cuspóirí beartais sonracha* | *Rogha Beartais 1* | *Rogha Beartais 2* | *Rogha Beartais 3* | *Rogha Beartais 4* |
|---|---|---|---|---|
| Na rialacha sonracha maidir le haerárthaí lag-chomhlíontach a chur i bhfeidhm faoin:<br><br>an sainmhíniú as feidhm ar aerárthach lag-chomhlíontach a leasú<br><br>tréimhse oiriúnach don tarraingt siar a roghnú | neodrach | ard | measartha | íseal |
| A áirithiú go ndéanfar srianta oibríochta dá samhail a mheas ar shlí chomhsheasmhach, mar seo a leanas, sna haerfoirt sin a bhfuil fadhbanna torainn atá inchomparáide go ginearálta acu:<br><br>an tslí a gcuirtear an próiseas measúnaithe torainn i gcrích a shoiléiriú agus a shonrú<br><br>an creat nós imeachta trína dtugtar srianta oibríochta isteach a neartú | neodrach | íseal | measartha - ard | ard |

### *6.3. Éifeachtúlacht*

24. Ós rud é gur de chineál nós imeachta é an tionscnamh atá beartaithe, clúdaíonn costas iomlán na Roghanna Beartais costais riaracháin agus an costas ar bhuiséad an AE.

25. I bhfianaise na meastachán thuas, is léir gurb í Rogha Beartais 2 an rogha is éifeachtúla mar go gcruthófaí an méadú is lú i gcostais riaracháin. Mar sin féin, ní thugann an measúnú seo cuntas ar na costais a d’fhéadfadh a bheith ar dhíospóid idirnáisiúnta sa mhargadh eitlíochta domhandaithe, agus d’fhéadfadh tionchar diúltach a bheith aige ar oibreoirí aerárthaí an AE.

### *6.4. Conclúid*

26. I bhfianaise an mhéid thuas, is í Rogha Beartais 3 rogha na tosaíochta. Is léir gurb í Rogha Beartais 3, go háirithe i gcás an chomhleanúnachais, an Rogha Beartais is oiriúnaí chun na cuspóirí a aithníodh i Roinn 3 a ghnóthú.

## 7. FAIREACHÁN AGUS MEASTÓIREACHT

27. Déanfaidh an Coimisiún meastóireacht chuí agus athbhreithniú cuí ar an Rialachán gach cúig bliana tar éis é a ghlacadh. Sa bhreis ar an bhfianaise a thabharfar faoi chuimsiú nós imeachta grinnscrúdaithe nó achomhairc i gcásanna áirithe, déanfaidh an Coimisiún faireachán leanúnach ar na príomhtháscairí agus déanfar iad a thabhairt cothrom le dáta chun éifeachtacht an Rialacháin a rianú.

**Tábla 4: Táscairí faireacháin**

| *Príomhtháscairí* | *Sainmhíniú* | *Ábharthacht* |
|---|---|---|
| ***Faireachán ar fheidhmíocht torainn aerárthaí agus cáilíocht na mbeartas bainistíochta torainn*** | | |
| ***Deimhniú torainn*** | Léiríonn an táscaire seo feidhmíocht torainn an aerárthaigh nua. | Déanann an táscaire seo faireachán ar an dul chun cinn déanta maidir le feidhmíocht torainn an aerárthaigh nua. |
| ***Líon gluaiseachtaí ag aerárthaí lag-chomhlíontach*** | Tugann an táscaire seo líon na n-eitiltí a oibríodh i réigiún ECAC ag aerárthaí lag-chomhlíontach (is féidir é a mhiondealú de réir aerfoirt agus aerlíne). | Léiríonn an táscaire seo na treochtaí in úsáid aerárthaí lag-chomhlíontach. |
| ***Forléargas ar na srianta oibríochta agus an meascán de bhearta maolaitheacha torainn*** | Dhéanfadh an táscaire nua seo faisnéis a thiomsú ó phleananna gníomhaíochta torainn agus ó phleananna feidhmíochta maidir le cáilíocht na mbeart maolaitheach torainn. | Léireodh an táscaire seo cáilíocht an phróisis measúnaithe torainn. |